Intreo

JobsPlus

Post Nua, Laghdú ar Chostas

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Sábháil suas le €10,000 gach uair a earcaíonn tú fostaí nua le JobsPlus

Dreasacht d'fhostóirí is ea **JobsPlus**, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, a spreagann fostóirí chun deis fostaíochta a thairiscint do dhuine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Scéim shimplí is ea **JobsPlus**, a thairgeann suas le €10,000 i gcás fostaí incháilithe, a íoctar in íocaíochtaí míosúla in imeacht dhá bhliain.

Céard é JobsPlus?

Tairgeann **JobsPlus** íocaíocht d'fhostóirí chun fostaithe a earcú ó líon na ndaoine ar an mBeochlár atá dífhostaithe go fadtéarmach.

Féadfaidh fostóirí clárú ar líne leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ag **www.jobsplus.ie** mar fhostóir incháilithe. Fostóirí ceadaithe, a earcaíonn fostaí incháilithe, gheobhaidh siad íocaíocht in airgid thirim, a íocfar gach mí i riaráiste, go ceann dhá bhliain.

Dhá leibhéal atá sa scéim:

- **€7,500 i gcás fostaithe a bhí dífhostaithe le breis is 12 mhí, ach faoi bhun 24 mí, agus**
- **€10,000 i gcás fostaithe a bhí dífhostaithe le breis is 24 mhí.**

Níl aon teorainn ar líon na bhfostaithe in aghaidh an fhostóra.

Cá bhfios dom an gcáileoidh mo chuideachta agus mo dheis fostaíochta don scéim JobsPlus?

Beidh scéim **JobsPlus** ar fáil d'fhostóirí:

- a thairgeann post lánaimseartha de bhreis is 30 uair an chloig sa tseachtain, thar ceithre lá sa tseachtain ar a laghad, d'earcaí incháilithe;
- a líonann folúntais nua agus deiseanna ag éirí as athrú nádúrtha foirne;
- a chomhlíonann dlíthe cánach agus fostaíochta na hÉireann go hiomlán;
- a fhéachann chuige nach ngabhann fostaí incháilithe áit aon fhostaí atá ann cheana.

Gheofar sonraí iomlána na gcritéar incháilitheachta, agus Ceisteanna Coitianta, ar **www.jobsplus.ie**.

JobsPlus

Post Nua, Laghdú ar Chostas

Conas a thagann mo chuideachta chun bheith ina fhostóir ceadaithe?

Ní gá ach foirm iarratais ar líne **JobsPlus** (ar **www.jobsplus.ie**) a líonadh isteach chun bheith i d'fhostóir **JobsPlus** ceadaithe.

Cá bhfios dom go gcáilíonn iarratasóir don scéim JobsPlus?

Duine dífhostaithe ar mhaith leis nó léi páirt a ghlacadh sa scéim seo, féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh ar líne ag **www.jobsplus.ie** chun a fháil amach an gcáilíonn siad faoin scéim. Chun cáiliú do **JobsPlus**, caithfidh iarratasóir a bheith 12 mhí ar a laghad ar an mBeochlár.

Conas a íocfar an dreasacht?

Íocfar an dreasacht i riaráiste gach mí, in imeacht dhá bhliain. I bhfoirm Aistriú Leictreonach Cistí (EFT) a íocfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí an dreasacht.

An oirfeadh an scéim seo duit? Déan an chéad rud eile agus cláraigh chun bheith i d'fhostóir ceadaithe JobsPlus.

Téigh chuig **www.jobsplus.ie** chun tuilleadh eolais a fháil nó seol r-phost chuig jobsplusinfo@welfare.ie.

Próiseas **JobsPlus**

Ar mhaith leat fostaí nua a fhostú? An chéad rud, cláraigh le haghaidh JobsPlus – an-simplí go deo.

1

- Cláraigh ag **www.jobsplus.ie**.

2

Ansin… téigh ag lorg iarratasóirí.

- Fógair an post agat mar is gnách.
- Chun iarratasóirí incháilithe a fháil, molaimid uit teagmháil a dhéanamh le:
  - d'Ionad Intreo/d'Oifig Seirbhís Fostaíochta áitiúil.
  - An folúntas a fhógairt ar **www.jobsireland.ie**.

Tá iarratais faighte agat.

3

- Caithfidh iarratasóirí chuig **www.jobsplus.ie** chun a fháil amach an gcáilíonn siad don scéim.
- Déanfaidh foireann JobsPlus teagmháil le hiarratasóirí le rá leo an gcáilíonn siad don scéim nó nach gcáilíonn, agus má cháilíonn gheobhaidh siad foirm JP1 a bheidh le líonadh isteach agatsa.

4

Fostaí nua roghnaithe agat? Inis dúinn é.

- Líon isteach foirm JP1 agus seol ar ais í chuig foireann JobsPlus.
- Gheobhaidh tú an ceadú i r-phost.
- Ofráil an post don iarratasóir.

Agus déanfaimidne an chuid eile!

5

- Aontaigh dáta tosaithe.
- Caithfidh fostaithe nua a n-éileamh cuardaitheora poist a dhúnadh sula nglacann siad le post le gur féidir leatsa an íocaíocht JobsPlus a fháil.
- Íocfar do chuideachta trí Aistriú Leictreonach Cistí (EFT) gach mí i riaráiste, i dtréimhse dhá bhliain, ach an fostaí a bheith fostaithe agat i gcónaí.